Cb.24 Struchtúr an bhláthphlanda



Roinntear an planda ina dhá phríomhchuid

- **An Fréamhchóras** – faoin talamh.
- **An Péacán** – os cionn na talún.



1.An Fhréamh

(a) Feidhmeanna na Fréimhe:

(i) An planda a dhaingniú sa talamh

(ii) Uisce agus mianraí a ionsú ón ithir

(iii) Bia a stóráil i bplandaí áirithe. m.sh.:

3 chineál fréamhacha

1. Socfhréamh

2. Fréamh shnáithíneach

3. Fréamh aidbhinteach

2. An Péacán

(a) An Gas:

(i) Iompraíonn sé duilleoga, bachlóga, bláthanna

(ii) Iompraíonn sé H_2O, mianraí ón bhfréamh → duilleoga

(iii) Iompraíonn sé bia (ó na duillí) timpeall an phlanda

(iv) Tugann sé tacaíocht

Lionsacháin anseo do mhalartú gás.

(b) Bachlóga: (péacáin neamhfhorbartha)

- Rinnbhachlóga (barr an ghais) – baint acu le fás an phlanda (má ghearrtar iad, ní bheidh fad breise sa phlanda)
- Bachlóga taoibh (na duillí)

(c) An Duilleog:



Feidhmeanna:

- Bia a dhéanamh trí **fhótaisintéis.**
- Malartú gás a cheadú trí na **stómaí** (CO_2 isteach, O_2 amach).
- **Trasghalú** ina ngalaíonn **H_2O** ón duilleog chun í a fhuarú.

Fadghearradh trí dhuilleog



(iv) An Bláth

- Déantar na bláthanna ó bhachlóga.

Struchtúr:

- Seipil
  - Peitil
  - Na **staiminí fireanna**
  - Na **cairpéil bhaineanna**



Fíochán planda

1. Fíochán deirmeach
2. Bonnfhíochán
3. Fíochán soithíoch
4. Míristéamach**



Tá na cealla speisialta **míristéamacha** in ann athrú isteach ina gcealla deirmeacha, soithíocha srl. (mar ‘ ghaschealla’ (stem cells) don phlanda)

Trasghearradh trí fhréamh óg



https://www.youtube.com/watch?v=r-z7hbCFI2o

1. Fíochán soithíoch

Xiléim – Tugann sé tacaíocht.

- Iompraíonn sé **H_2O & Mianraí** aníos ón ithir.

Fléam – Iompraíonn sé **Bia** suas & síos sa phlanda.

- Ritheann na feadáin Xiléim & Fléam i dteannta a chéile - **Beart Soithíoch**

(a) An Xiléim

- ***2 chuid sa Xiléim:***

1. Traicéidí Xiléime:

– Cealla **MARBHA**,

– Bíonn **Lignin** sna ballaí chun tacaíocht a thabhairt.

2. Soithí Xiléime:

– Cealla fada

– níos leithne ná na traicéidí.

Traicéidí **Soithí**

Soithí

- ***Soithí Xiléime:***
  - Cealla fada
  - níos leithne ná na traicéidí.

Feidhm Xiléime = uisce & mianraí a iompar.

(B) An Fléam

- Cealla **BEO**. Déanta as **feadán criathracha** & **cealla coimhdeachta**
- Ballaí déanta as **ceallalós**

2. Fíochán deirmeach

- Na cealla seachtracha / clúdach an phlanda

Feidhm = cosaint an phlanda

3. **Bonnfhíochán**

- Bíonn an fíochán seo le fáil idir an eipideirm & an fíochán soithíoch i.e. lár an phlanda

Feidhmeanna:

- Fótaisintéis
- Stór bia & fuíollábhar
- Neart & tacaíocht a thabhairt don phlanda

Fadghearradh tríd an bh**fréamh**

Zón difreála

Zón fadaithe

Zón míristéamach

Fréamhribí

Fréamhchumhdach

Aicmiú bláthphlandaí

Dhá ghrúpa bláthphlandaí atá ann:

1. **Monacotailéadóin**:
   féar, tiúilipí.
2. **Déchotailéadóin**:
   Róis, piseanna, crainn

- Cotailéadón= suth/síol duille sa tsíol.

Monacotailéadón	Déchotailéadón
Cotailéadón amháin sa síol (bia a stóráil)	2 Chotailéadón sa síol (m.sh. cnónna)
Plandaí neamhadhmadacha	Plandaí luibheacha nó adhmadacha
Féitheacha comhthreomhara sna duillí	Féitheacha mogallacha
Bearta soithíocha scaipthe go randamach ar fud an ghais.	**Bearta soithíocha eagraithe ina bhfáinne** sa ghas.
Peitil an bhlátha eagraithe ina ngrúpaí de 3 nó iolraí de 3	Peitil an bhlátha eagraithe ina ngrúpaí de 4 nó 5 (nó iolraí)

Turgnamh Éigeantach:

Trasghearradh de ghas planda déchotailéadónaigh a scrúdú

TUGTHA: sleamhnán gloine, clúidghloine, micreascóip, lansa.

Plandaí tugtha: soilire, crobh (geranium), & tiúilip.

Scrúdaigh na plandaí go géar:

cén ceann a d'úsáidfeá & cén fáth?

2009 7

(i) Cén fáth a dtugtar déchotailéadónach ar phlanda?

_____

(ii) Ainmnigh planda déchotailéadónach.

_____

(b) (i) Déan cur síos mion ar an gcaoi ar ullmhaigh tú sleamhnán micreascóip de thrasghearradh de ghas planda déchotailéadónaigh.

(ii) Tabhair cuntas ar na nósanna imeachta a lean tú chun do shleamhnán a bhreathnú faoin micreascóp.

(iii) Sa spás thíos tarraing an oiread sin de do thrasghearradh is a thaispeánfadh suíomh na gcodanna seo a leanas agus cuir lipéid orthu:

- 1. Fléam. 2. Xiléim. 3. Fíochán boinn.